Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

10737/23

LIMITE

CORLX 599
CFSP/PESC 875
RELEX 746
MAMA 87
COARM 147
CONUN 152
FIN 652

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2016/44 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2016/44**
**a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 204/2011[1], agus go háirithe Airteagal 21(2) agus (6) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 12, 19.1.2016, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Eanáir 2016, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2016/44.

(2) De bhun Airteagal 21(6) de Rialachán (AE) 2016/44, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Measann an Chomhairle gur cheart na hiontrálacha do bheirt agus d'eintiteas amháin a scriosadh, agus gur cheart na bearta sriantacha in aghaidh gach duine eile agus gach eintitis eile atá ar na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 a choinneáil ar bun. Ina theannta sin, ba cheart an fhaisnéis aitheantais do dhuine amháin a nuashonrú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2016/44 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

PUBLIC

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/44 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn III ('Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(2)'), leasaítear Cuid A ('Daoine') mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 8 a bhaineann le HOUEJ, Mohamad Ali:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| '8. | HOUEJ, Mohamad Ali | Aire Geilleagair agus Trádála i Rialtas Aontachta Náisiúnta na Libia<br>Dáta breithe: 1949<br>Áit bhreithe: Al-Azizia (gar do Thripilí) | Aire Tionsclaíochta, Geilleagair agus Trádála i Rialtas an Choirnéil Qadhafi.<br>Dlúthbhaint aige le hiar-réimeas Muammar Qadhafi. | 21.3.2011'; |

(b) scriostar iontráil 12 a bhaineann le MANSOUR, Abdallah;

(c) scriostar iontráil 14 a bhaineann le QADHAF AL-DAM, Sayyid Mohammed;

(2) in Iarscríbhinn III ('Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(2)'), Cuid B ('Eintitis'), scriostar iontráil 16 a bhaineann le Baroque Investments Limited.